# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2003

# TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 9 MEITHEAMH, – TRÁTHNÓNA 1.30 GO DTÍ 4.50**

Freagair **ceithre** cheist, is é sin, Ceist 1, Ceist 5 agus dhá cheist eile as Roinn B (ceisteanna 2, 3 agus 4).

I gcás freagraí a mbíonn plé iontu, is fearr go mór trácht go mion ar thrí nó ar cheithre ghné den phríomhthéama, seachas trácht go ginearálta ar mhórán pointí.

**DEIMHNIGH LE DO THOIL GO BHFUIL LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFHÓTAGRAF AGAT SULA dTUGANN TÚ FAOIN bPÁIPÉAR SEO.**

## ROINN A – OBAIR LÉARSCÁILE
**Freagair Ceist 1 ina hiomláine**

**1.** Féach ar an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis 1:50,000 agus ar an Eochair Eolais a tugadh duit agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** Ba mhór an tionchar a bhí ag Abhainn na Bearú ar fhorbairt lonnaíocht dhaonna sa limistéar atá clúdaithe ag an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis.

Trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise ón léarscáil **amháin,** pléigh **trí** bhealach a raibh a leithéid de thionchar ag an abhainn. **(30 marc)**

**(b)** "Pointe nódach tábhachtach is ea baile Cheatharlach".

Pléigh an ráiteas seo, trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise ón léarscáil **amháin**. **(30 marc)**

**(c)** Maidir le limistéar na léarscáile ó dheas ó bhaile Cheatharlach **amháin**, luaigh **trí** chontrárthacht fhollasacha idir an talamh ard ag síneadh siar agus an talamh íseal ag síneadh soir. **(40 marc)**

## ROINN B- TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH, SHÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH
**Freagair DHÁ cheist**

**2. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH: freagair 2 (a) nó 2 (b) nó 2 (c) nó 2 (d)**

**(a) Síonchaitheamh**

**(i)** Tabhair cuntas agus mínigh **trí** shampla de shíonchaitheamh. **Ní mór** sampla **amháin** a thabhairt de shíonchaitheamh CEIMICEACH **AGUS** sampla **amháin** a thabhairt de shíonchaitheamh MEICNIÚIL. **(75 marc)**

**(ii)** Is féidir go mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí daonna ar rátaí síonchaithimh. Mínigh an ráiteas seo maidir le sampla **amháin** a ndearna tú staidéar air. **(25 marc)**

**(b) Obair Aibhneacha**

**(i)** Maidir le CREIMEADH **AGUS** SIL-LEAGAN mar phróisis,scrúdaigh **trí** bhealach ar mhúnlaigh aibhneacha tírdhreach na hÉireann. **(75 marc)**

**(ii)** Is féidir go mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí daonna ar thuilte i ngleannta aibhneacha. Mínigh an ráiteas seo, trí úsáid a bhaint as sampla **amháin** a ndearna tú staidéar air. **(25 marc)**

**(c)** **<u>Obair na Farraige</u>**

**(i)** Scrúdaigh na próisis a mhúnlaíonn **<u>trí</u>** thírghné ar bith atá le fáil ar chósta na hÉireann. **(75 marc)**

**(ii)** Déan trácht ar an tuairim gur féidir le bainistíocht chósta ag daoine in áit amháin fadhbanna a chruthú in áit eile. **(25 marc)**

**(d)** **<u>Aeráid agus Athrú Aeráide</u>**

**(i)** Mínigh an chaoi a mbíonn tionchar ag an aeráid ar **thrí cinn ar bith** díobh seo a leanas: foirmiú ithreach, fásra, talmhaíocht, turasóireacht. **(60 marc)**

**(ii)** Athrú aeráide atá mar thoradh ar ghníomhaíochtaí daonna níos mó ná riamh. Trí úsáid a bhaint as **<u>dhá</u>** shampla, mínigh an méid atá ar siúl agus mol bealaí a bhféadfaí an t-athrú seo a smachtú nó a chur ar gcúl. **(40 marc)**

**3. TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA: Freagair 3(a) nó 3(b) nó 3(c) nó 3(d).**

**(a) Scrúdaigh an t-aerfhótagraf daite de Cheatharlach a tugadh duit.**

**(i)** Ar shracléarscáil de cheantar Cheatharlach atá san fhótagraf, marcáil agus lipéadaigh iad seo a leanas:

- Abhainn na Bearú
- Caisleán
- Droichead
- Séipéal Mór agus Reilig
- Cora

**(20 marc)**

**(ii)** I gcúlra an aerfhótagraif ar dheis, tá athzónáil le haghaidh forbartha déanta ar an spás fairsing oscailte cois na habhann. Mol úsáid oiriúnach thógála don láthair agus luaigh **<u>trí</u>** chúis le do rogha. I do fhreagra, bain úsáid as fianaise ón aerfhótagraf **amháin**. **(40 marc)**

**(iii)** "Is ionad mór seirbhísí é baile Cheatharlach don réigiún seo."

Trí úsáid a bhaint as an aerfhótagraf **<u>agus</u>** as an Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis **<u>araon</u>**, déan comparáid agus contrárthacht idir na cineálacha fianaise air seo, atá tugtha le fios sa léarscáil agus san fhótagraf. **(40 marc)**

**(b) Neamhionannas**

I ndomhan an lae inniu tá neamhionannais mhóra maidir le rochtain ar acmhainní agus ar sheirbhísí.

**(i)** Trí thagairt a dhéanamh do shamplaí a ndearna tú staidéar orthu, scrúdaigh **trí** cinn de na fáthanna móra neamhionannas a dtagraítear dóibh sa ráiteas thuas. **(75 marc)**

**(ii)** Mol bealach arbh fhéidir maolú a dhéanamh ar an éifeacht atá ag ceann **amháin** de na fáthanna a bhfuil plé déanta air i gcuid (i) thuas. **(25 marc)**

**(c) Athrú Daonra**

| | Daonra mar atá 2001 (milliúin) | Tuartha 2025 (milliúin) | Tuartha 2050 (milliúin) |
|---|---|---|---|
| **An Domhan** | 6, 137 | 7,818 | 9,036 |
| **Forbartha** | 1,193 | 1,248 | 1,242 |
| **I mBéal Forbartha** | 4,944 | 6,570 | 7,794 |

Foinse: Oifig Tuairisce Daonra, 2002.

**(i)** Scrúdaigh **dhá** chúis atá leis an difríocht maidir le fás tuartha an daonra idir an domhan forbartha agus an domhan i mbéal forbartha. **(60 marc)**

**(ii)** Pléigh roinnt de na hiarmhairtí móra atá ag na rátaí fáis tuartha seo don domhan forbartha agus don domhan i mbéal forbartha **araon**. **(40 marc)**

**(d) Tíreolaíocht Uirbeach**

**(i)** Bíonn patrúin úsáide talún go minic ag bailte agus ag cathracha i dtíortha forbartha a léiríonn limistéir a dhéanann speisialtóireacht i bhfeidhmeanna áirithe.
Scrúdaigh an ráiteas seo féachaint an bhfuil sé iomchuí i gcás bailte agus cathracha a ndearna tú staidéar orthu faoi **thrí** cheannteideal díobh seo a leanas:

(a) Cónaitheach
(b) Tionsclaíoch
(c) Tráchtáil
(d) Fóillíocht **(60 marc)**

**(ii)** Bíonn fadhbanna móra go minic ag cathracha i dtíortha atá **i mbéal forbartha**. Roghnaigh **ceann amháin** de na fadhbanna seo agus mínigh na fáthanna agus an réiteach araon a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfadhb i gcathair **ainmnithe** a ndearna tú staidéar uirthi. **(40 marc)**

**4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH: Freagair 4(a) nó 4(b) nó 4(c) nó 4(d)**


**(a) <u>Talmhaíocht</u>**

**(i)** Bíonn tionchar ag na tosca seo a leanas ar fhorbairt na talmhaíochta nua-aimseartha:

- Fad ó na margaí
- Teicneolaíocht agus costais ag méadú
- Beartas poiblí
- Éileamh agus soláthar i dtáirgí feirme
- Costais agus riachtanais an fhórsa oibre

Roghnaigh **<u>dhá</u>** cheann ar bith díobh sin thuas agus scrúdaigh an tionchar atá ag **<u>gach ceann</u>** díobh ar thalmhaíocht nua-aimseartha. **(60 marc)**

**(ii)** Scrúdaigh an phíchairt thíos a léiríonn oiriúnacht achar iomlán dromchlach an domhain d'úsáid thalmhaíochta.





(i) Roghnaigh ceann **<u>amháin</u>** de na catagóirí a thagraíonn do limistéir **<u>nach bhfuil</u>** oiriúnach d'úsáid thalmhaíochta. Agus tagairt á dhéanamh agat do réigiúin ar leith, déan cur síos agus mínigh na tosca a chuireann bac ar fhorbairt thalmhaíochta sna limistéir seo. **(20 marc)**

(ii) Léiríonn an bharra-chairt *go bhféadfaí* 7% de dhromchla an domhain a thabhairt chun saothraithe, mar aon leis an talamh atá in úsáid cheana. Dá leathnófaí an talmhaíocht, áfach, d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don timpeallacht. Mínigh cúis **<u>amháin</u>** a d'fhéadfadh a bheith leis seo. **(20 marc)**

**(b)** **Fuinneamh**

Scrúdaigh an graf thíos a léiríonn táirgeacht fuinnimh na hEorpa




**(i)** Trí thagairt a dhéanamh do na figiúir thuas déan cur síos agus mínigh an t-athrú coibhneasta ina dtábhacht a tháinig ar **thrí** cinn ar bith de na foinsí fuinnimh a úsáideadh i gcaitheamh na tréimhse 1990-2030.

**(60 marc)**

**(ii)** Mínigh na cúiseanna timpeallachta agus eacnamaíocha chun caomhnú fuinnimh mar pholasaí a chur chun cinn. **(40 marc)**

**(c)** **Suíomh Tionsclaíoch**

**(i)** Tá athrú tagtha ar dháileadh thionscal déantúsaíochta le himeacht aimsire. Tá na seantionscail le fáil go dlúth i réigiúin áirithe, agus tá na tionscail nua níos scaipthe.
Scrúdaigh an ráiteas seo, agus tagairt á dhéanamh do shamplaí oiriúnacha.

**(60 marc)**

**(ii)** Mínigh **dhá** bhealach a bhféadfaidh tionchar a bheith ag tionsclaíocht déantúsaíochta ar cháilíocht na beatha ag daoine a chónaíonn in aice láithreach.

**(40 marc)**

**(d)** **Obair Allamuigh**

Trí thagairt a dhéanamh do chleachtadh **AR BITH** in obair allamuigh sa tíreolaíocht atá críochnaithe agat:

**(i)** Tabhair teideal agus aidhmeanna na hoibre allamuigh. **(10 marc)**

**(ii)** Mínigh an chaoi ar réitigh tú don obair allamuigh. **(20 marc)**

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi ar bhailigh tú agus a ndearna tú taifeadadh ar shonraí.

**(30 marc)**

**(iv)** Luaigh na príomhthorthaí agus rianaigh na conclúidí ar do chuid oibre

**(30 marc)**


**(v)** Déan cur síos achomair ar ghné **amháin** de do chuid torthaí ba chóir a fhiosrú tuilleadh, dar leat. **(10 marc)**

**ROINN C**
**Freagair Ceist 5**

**5. TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH: Freagair 5(a) nó 5(b) nó 5(c) nó 5(d).**

**(a) <u>Tionscal Turasóireachta na hÉireann</u>**

**Cuairteanna ar Phoblacht na hÉireann (1960-2000)**




**(i)** Trí úsáid a bhaint as an eolas ar an ngraf thuas, chomh maith le samplaí a ndearna tú staidéar orthu, mínigh na fáthanna ar tháinig fás tapa ar thionscal turasóireachta na hÉireann sa tréimhse 1960-2000. **(60 marc)**

**(ii)** Is gníomhaíocht shéasúrtha an turasóireacht i gcónaí in Éirinn. Mol bealaí a bhféadfaí an turasóireacht a shíneadh níos cothroime i gcaitheamh na bliana ar fad. **(20 marc)**

**(iii)** Bhí fadhbanna móra ag an turasóireacht in Éirinn le blianta beaga. Mínigh an fáth **<u>agus</u>** na héifeachtaí **<u>araon</u>** ag ceann **amháin** de na fadhbanna seo. **(20 marc)**

**(b) Talmhaíocht**

**(i)** Trí thagairt a dhéanamh do **DHÁ** thír Eorpacha a ndearna tú staidéar orthu, déan comparáid agus contrárthacht idir na tosca a raibh tionchar acu ar fhorbairt na talmhaíochta. **(75 marc)**

**(ii)** Tá éifeachtaí dearfacha **agus** diúltacha araon ag an talmhaíocht nua-aimseartha ar an timpeallacht. Pléigh an ráiteas seo agus tagairt á dhéanamh agat do shamplaí in Éirinn agus/nó i dtíortha Eorpacha eile a ndearna tú staidéar orthu. **(25 marc)**

**(c) Ról na Mara**

Pléigh tionchar na mara ar fhorbairt na hÉireann **nó** ar thír **amháin i gCríoch Lochlann.** **(100 marc)**

**(d) Cineálacha Réigiún**

Léiríonn mórán tíortha in Iarthar na hEorpa éagsúlachtaí suntasacha réigiúnacha. Ina measc sin tá:

- réigiúin chroíláir
- réigiúin imeallacha, tearcfhorbartha go heacnamaíoch.

**(i)** Trí thagairt a dhéanamh do thír **amháin** a ndearna tú staidéar uirthi, déan cur síos ar **dhá** thréith shuntasacha de **gach cineál** réigiúin díobh seo. **(75 marc)**

**(ii)** Roghnaigh seanréigiún tionsclaíoch **nó** réigiún imeallach, tearcfhorbartha go heacnamaíoch agus mínigh an chaoi ar sáraíodh a chuid fadhbanna **nó** a bhféadfaí iad a shárú. **(25 marc)**